




WESTERN DEVELOPMENT COMMISSION  
COIMISIÚN FORBARTHA AN IARTHAIR

Straitéis  
2019–2024



OIBRIÚ NÍOS CLISTE. SAOL NÍOS FEARR.



COIMISIÚN  
FORBARTHA  
AN IARTHAIR  
STRAITÉIS  
2019–2024







# AN SCÉAL GO DTÍ SEO...

**5,000**

Tacaíodh le 5,000 post in 156 comhlacht ó 2001-2018

**LOOK WEST.IE**

Freastal iomlán ar 1.5m úsáideoir go sóisialta in 2018

**7**

gcontae i limistéir an WDC; Dún na nGall, Sligeach, Liatroim, Ros Comáin, Maigh Eo, Gaillimh agus An Clár

**€72M**

Luach reatha phunann infheistíochta an WDC

**€13.5M**

Luach tionscadail reatha AE

**€4M**

in iasachtaí ag tacú le 42 pobal agus gnó

# Ráiteas an Chathaoirligh

**Táimid ag teannadh le deiseanna a fháil don réigiún nach bhfuil a sárú le fáil.**

Bhí tionchar suntasach ag an gCoimisiún ar fhorbairt gheilleagrach agus shóisialta an réigiúin seo ó bunaíodh é. Is mór ag na scairshealbhóirí ról an Choimisiúin agus aithníonn siad na hinniúlachtaí a d'fhorbair an ghníomhaireacht sa tréimhse sin. Is léir é sin nuair a fheicimid chomh maith is a d'éirigh le Ciste Infheistíochta an Iarthair, leis an léargas réigiúnach a thug an fhoireann beartais agus an tionchar fadtéarmach a bhí ag forbairt réigiúnach chomhtháite. Léiríonn rath an chiste scannán closamhairc agus teilifíse (WRAP) an cumas atá ann earnálacha nua fáis a bhunú ar bhonn réigiúnach, earnálacha a bhaineann go sonrach leis an réigiún.

Cé go bhfuil roinnt dúshlán fós ag baint le héagthroimí go réigiúnach, tá deiseanna nua ag teacht chun cinn freisin de réir mar a athraíonn an timpeallacht i gcoitinne. Leagadh amach in Éire 2040 an plean atá ag an Rialtas d'fhorbairt fadtéarmach na tíre agus leagtar síos an tosaíocht straitéiseach maidir le cothromaíocht fáis níos éifeachtaí a bhaint amach idir réigiúin na hÉireann. Taobh istigh den chomhthéacs sin a leagamar ár bhfís chun "réigiún atá iomaíoch ar bhonn domhanda a fhorbairt, ina bhfuil pobail bhríomhara nasctha a oibríonn ar bhealach níos cliste agus a bhfuil saol níos fearr acu dá réir". Chun é sin a bhaint amach, oibreoidimid i gcomhar le gníomhaireachtaí eile agus déanfaimid é sin ar bhealach comhtháite.

Díreoidh ár dtéamaí straitéiseacha, Cur Chun Cinn Réigiúnach, Ceannaireacht Réigiúnach agus Fiontar Inbhuanaithe, ar ár gcinntí maidir le príomhthograí réigiúnacha ar bhealach stuama ionas go mbeidh tionchar acu i gcónaí ar fhorbairt shóisialta agus gheilleagrach araon. Aithnítear an bunús tábhachtach atá lenár mbuntáiste iomaíoch inár bplean straitéiseach, is é sin gur réigiún tarraingteach agus speisialta é an réigiún seo.

Thar ceann Bhord Choimisiún Forbartha an Iarthair, tá ríméad orm an straitéis 'Oibriú Níos Cliste, Saol Níos Fearr' a chur i láthair don tréimhse 2018-2022. Tá an straitéis seo ann de bharr iarracht mhór na bpáirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha ar feadh na bliana 2018. Gabhaim buíochas faoi leith le foireann an Choimisiúin, a dtógfaimid ar a gcuid éachtaí anois agus a rannchuidigh go mór chun ár straitéis a fhorbairt. Táim ag tnúth le bheith ag obair leis an bhfoireann, leis an mBord agus lenár bpáirtithe leasmhara go léir chun an straitéis seo a thabhairt chun cinn. Is ceist náisiúnta é forbairt réigiúnach chothromaithe agus tá ról tábhachtach ag Coimisiún Forbartha an Iarthair chun é sin a bhaint amach.

An Dr Deirdre Garvey  
An Cathaoirleach



# Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh

Táimid ag teannadh le deiseanna a fháil don réigiún nach bhfuil a sárú le fáil.

Forbairtí teicneolaíochta, timpeallacht shainiúil, agus caighdeán maireachtála den scoth ar fáil, ag an droichead idir an tAontas Eorpach, an Ríocht Aontaithe agus na Stáit Aontaithe, rudaí ar fad a chruthaíonn cás láidir do Réigiún an Iarthair i gcomhthéacs domhanda. Ar aon dul leis seo, tá fórsa oibre againn atá dinimiciúil agus soghluaiste, agus táthar den tuairim anois níos mó ná riamh go dteastaíonn forbairt chothrom agus comhtháthú neartaithe i ngníomhaíocht stáit, tionscail agus pobail, a thugann léargas dúinn ar acmhainn iomlán Réigiún an Iarthair agus muid ag bogadh i dtreo 2020 agus ina dhiaidh sin.

Is de bharr obair na bliana iomláine atá an straitéis seo againn anois. Trí bheith ag obair leis an mBord agus le foireann an Choimisiúin, leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus le páirtithe leasmhara eile cruthaíodh treo don phróiseas. Fuair an comhthéacs níos leithne treoir ó threochtaí teicneolaíochta, geilleagracha agus sóisialta leantacha agus sainaitheanta, ach ceapadh Straitéis 2019-2024 le bheith ina plean dinimiciúil, chun dul in oiriúint agus athrú de réir mar is gá. Tá cónaí ar 80% den daonra laistigh de réigiún Choimisiún Forbartha an Iarthair i limistéir thuaithe agus uirbeacha ina bhfuil níos lú ná 10,000 duine.

Dírítear go sonrach sa straitéis seo ar na daoine sin, a fhaigheann tacaíocht ó na lárionaid uirbeacha agus a thacaíonn leo go deimhin.

Tá an straitéis tógtha ar thrí cholún, a léiríonn, lena chéile, an staid go gearrthéarmach, go meántéarmach agus go fadtéarmach. Tá na haidhmeanna straitéiseacha sin; Cur Chun Cinn Réigiúnach, Ceannaireacht Réigiúnach agus Fiontar Inbhuanaithe leagtha amach go mionsonraithe sa cháipéis seo agus forbraíonn siad croí-inniúlachtaí Choimisiún Forbartha an Iarthair i gcúrsaí infheistíochta, in anailís bheartais agus i bhforbairt réigiúnach. Cuireann siad chun cinn, forbraíonn siad agus féachann siad leis na tionscadail shuaitheanta a aithint, tionscadail a chuirfidh torthaí inbhraite ar fáil, laistigh den phlean cúig bliana seo agus ina dhiaidh. Is é forbairt gheilleagrach agus shóisialta an iarthair an príomhrud a spreagaimid, ach tá sé mar sprioc níos leithne againn an scéal a athrú chun acmhainní sainiúla an réigiúin seo a chur ar shúile an domhain uile.

Tomás Ó Síocháin  
An Príomhfheidhmeannach





# AN CHAOI AR CHUIREAMAR AN STRAITÉIS I DTOLL A CHÉILE

Cuireadh tús leis an obair chun straitéis a fhorbairt do Choimisiún Forbartha an Iarthair go luath in 2018 tráth ar bunaíodh fochoiste den Bhord chun an obair a stiúradh agus a mhaoirsiú. Is achoimre ghearr é seo ar an obair a rinneadh ó shin i leith chun bonn eolais a chur faoinár straitéis nua, agus í a fhorbairt.

**Rinneamar machnamh:** Rinne an Coimisiún athbhreithniú ar an straitéis roimhe seo, na príomhchaidrimh ann agus athruithe a tháinig ar an timpeallacht i Réigiún an Iarthair ina dhiaidh sin

**D'fhéachamar ar an domhan mórthimpeall orainn:** D'fhéach an Coimisiún ar réigiúin inchomparáide ar fud an domhain, agus ar bheartais rialtais agus earnála

**D'éisteamar:** Thug an Coimisiún, le tacaíocht ó éascaitheoir neamhspleách, faoi chomhairliúchán mionsonraithe le páirtithe leasmhara, ag socrú cruinnithe duine ar dhuine le príomhpháirtithe leasmhara, agus d'oibríomar ar bhonn gréasáin le hearnálacha éagsúla agus d'fhoilsíomar dréacht i gcomhair comhairliúchán poiblí.



**Rinneamar anailís chriticiúil orainn féin:** Rinne Bord agus Foireann Choimisiún Forbartha an Iarthair anailís SWOT, agus thug siad na hanailísí sin le chéile ansin chun léiriú iomlán a thabhairt ar na ceisteanna straitéiseacha agus oibríochta atá os comhair na heagraíochta. Bunaithe ar an anailís sin, chruthaíomar Fís nua don eagraíocht.

**Bhreithníomar gníomh:** Ag tarraingt ar an SWOT, bhreithníomar gníomhartha a d'fhéadfadh dul i ngleic leis na láidreachtaí agus na bagairtí atá os comhair na heagraíochta agus an réigiúin, agus d'fhéachamar ar conas a d'fhéadfaimis leas a bhaint as ár láidreachtaí agus dul i ngleic lenár laigí.

**D'aithníomar ár dtosaíochtaí straitéiseacha:** Bunaithe ar na gníomhartha a tháinig chun cinn, d'aithníomar téamaí straitéiseacha coiteanna, agus laistigh díobh sin bhunaíomar ár spriocanna straitéiseacha do na cúig bliana seo romhainn.

# MAIDIR LE COIMISIÚN FORBARTHA AN IARTHAIR

Is comhlacht reachtúil é Coimisiún Forbartha an Iarthair a bunaíodh le reacht in 1998 chun forbairt shóisialta agus gheilleagrach araon a chur chun cinn i Réigiún an Iarthair (a sainítear mar chontaetha Dhún na nGall, Liatroma, Shligigh, Mhaigh Eo, Ros Comáin, na Gaillimhe agus an Chláir).

Tá dualgas reachtúil ar an gCoimisiún comhairle a chur ar an Rialtas maidir le ceisteanna a mbíonn tionchar acu ar Réigiún an Iarthair agus chun beartas Rialtais a chur chun cinn atá dírithe ar chaighdeán shóisialta agus gheilleagracha a fheabhsú sa réigiún.

Déanann sé bainistiú ar Chiste Infheistíochta an Choimisiúin chun iasachtaí agus caipiteal a chur ar fáil do ghnóthaí agus do phobail áitiúla i Réigiún an Iarthair.

Tá 11 chomhalta ag an gCoimisiún a cheapann an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail. Tá ceannoifig an Choimisiúin lonnaithe i mBealach an Doirín, Co. Ros Comáin, agus tá foireann choibhéiseach lánaimseartha de 15.4 aige. Is eagraíocht iontaofa é Coimisiún Forbartha an Iarthair a bhfuil saineolas aige ar anailís bheartais, ar fhorbairt réigiúnach, ar bhainistiú cistí agus ar rialachas corparáideach.

# MAIDIR LEIS AN RÉIGIÚN

Cumhdaíonn Réigiún seacht gcontae an larthair 37% de mhórchríoch an Stáit agus tá 17.4% de dhaonra na tíre ag cur fúthu ann. Tá patrún lonnaithe scaipthe le sonrú ann; tá cónaí ar 80% den daonra lasmuigh de lárionaid mhóra uirbeacha (10,000 nó níos mó) agus tá dhá thrían ina gcónaí lasmuigh d'ionaid ina bhfuil 1,500 nó níos mó.

Tá 40 lárionad uirbeach lonnaithe ar fud an réigiúin, ar ceantar tuaithe é den chuid is mó. Tá ról lárnach ag na sé cinn is mó acu - Gaillimh, Inis, Leitir Ceanainn, Sligeach, Caisleán an Bharraigh agus Béal an Átha - ina ndobharcheantair níos leithne. Spreagann bailte eile, lena n-áirítear bailte contae, an fhorbairt go háitiúil agus is lárionaid gheilleagracha thábhachtacha iad i limistéir atá i bhfad ó lárionaid mhóra uirbeacha.

Is príomhláidreacht don réigiún í an déantúsaíocht mhór a tharlaíonn ann, ar suíomh domhanda é do na hEolaíochtaí Beatha. I measc na láidreachtaí réigiúnacha eile tá an turasóireacht, fuinneamh in-athnuaite, seirbhísí oideachais, an geilleagar gorm agus tionscail chruthaitheacha.

# AN COMHTHÉACS AGUS AN TIMPEALLACHT PHOLAITIÚIL AGUS GHEILLEAGRACH

Aithnítear i Straitéis an Choimisiúin do na blianta seo romhainn go n-oibrímid i dtimpeallacht dhinimiciúil. Bhíomar ag réiteach ár bplean straitéisigh ag tráth a raibh athruithe móra ag tarlú sa timpeallacht sheachtrach, an Breatimeacht agus athrú aeráide go háirithe, rudaí a mhúnlóidh agus a rachaidh i gcion ar an timpeallacht pholaitiúil agus gheilleagrach as seo go ceann cúig bliana.

Sa chomhthéacs sin, tá sé beartaithe leis an bplean seo gur cáipéis bheo í atá sách dinimiciúil chun na dúshláin sin agus dúshláin sheachtracha eile a aithint agus dul i ngleic leo.





Is obair thrasearnála a bhíonn ar siúl ag Coimisiún Forbartha an Iarthair agus bíonn tionchar dá réir sin ag beartais an rialtais uirthi a bhaineann le forbairt gheilleagrach agus shóisialta agus le beartais a bhaineann le hearnálacha ar leith, lena n-áirítear:

## ■ ÉIRE 2040:

- AN CREAT NÁISIÚNTA PLEANÁLA
- AN PLEAN FORBARTHA NÁISIÚNTA 2018-2027
- NA STRAITÉISÍ RÉIGIÚNACHA SPÁIS AGUS EACNAMAÍOCHA
- SLÍ EACNAMAÍOCH AN ATLANTAIGH

## ■ AN PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA UM FHORBAIRT TUAITHE

### ■ POIST DON TODHCHAÍ IN ÉIRINN 2019

Múnlaíonn beartais earnála náisiúnta an comhthéacs ina bhfeidhmíonn Coimisiún Forbartha an Iarthair. Príomhspríoc don eagraíocht dá bhrí sin is ea treoir a thabhairt don phróiseas cinnteoireachta trí aird a tharraingt ar cheisteanna agus ar thosaíochtaí do Réigiún an Iarthair. Ar aon dul le beartais náisiúnta i réimsí amhail iompar, bonneagar fuinnimh agus cumarsáide, forbairt réigiúnach agus tuaithe, fiontar sóisialta, maoiniú do chaipiteal fiontair, cúrsaí mara, forbairt fiontraíochta, an geilleagar cruthaitheach, turasóireacht, geilleagar íseal-charbóin agus fuinneamh in-athnuaite, a mbíonn tionchar acu uile ar ár gcuid oibre.

Is gníomhaireacht stáit muid ag feidhmiú i gcomhthéacs cheithre héilics an stáit, an phobail, an tionscail agus an oideachais. Feidhmíonn Coimisiún Forbartha an Iarthair dá bharr sin i gcomhar le roinnt gníomhairí agus gníomhaireachtaí náisiúnta agus réigiúnacha eile chun luach breise a thabhairt dár réigiún.

- Fiontraíocht Éireann
- An tÚdarás Forbartha Tionscail
- Tionóil Réigiúnacha
- Údarás na Gaeltachta
- Údaráis Áitiúla
- Oifigí Fiontair Áitiúla
- Gníomhaireachtaí forbartha earnála
- Institiúidí ardoideachais
- An earnáil phríobháideach agus phobail/dheonach

# ÁR MISEAN

Forbairt gheilleagrach  
agus shóisialta a  
chothú agus a spreagadh  
i Réigiún an Iarthair





**Tá sainordú soiléir agus fadréimseach leagtha amach san Acht um Choimisiún Forbartha an Iarthair, 1998 don eagraíocht. Síneann an sainordú sin chun tacú le gnó, fiontair shóisialta agus tionscadail a bhfuil sé mar aidhm acu forbairt gheilleagrach agus shóisialta a spreagadh i Réigiún an Iarthair. Foráiltear ann don Choimisiún comhoibriú le comhlachtaí stáit náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, agus iad a chomhordú, agus tionscnaimh bhonneagair agus tionscnaimh eile a chur chun cinn a thacóidh le gnó agus le fiontar sóisialta sa réigiún.**

Tá foráil san Acht don Choimisiún dul i gcomhairle leis an Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail agus le hAirí eile an Rialtais maidir le haon chás a bhaineann lena shainordú a mhéid is a bhaineann siad le Réigiún an Iarthair. Déantar foráil san Acht freisin don Choimisiún chun Ciste Infheistíochta a fheidhmiú chun cur ar a chumas forbairt gheilleagrach agus shóisialta an réigiúin a thabhairt céim eile chun cinn.

# ÁR BH FÍS

Réigiún atá iomaíoch ar bhonn domhanda a fhorbairt, ina bhfuil pobail bhríomhara nasctha a oibríonn ar bhealach níos cliste agus a bhfuil saol níos fearr acu dá réir





## OIBRIÚ NÍOS CLISTE

Is príomhspreagthóirí iad nascacht agus inbhuanaitheacht, ag tacú agus ag cruthú gnóthaí inbhuanaithe a thacaíonn le pobail ar fud Réigiún an Iarthair, ar bhealach a thugann cosaint dár dtimpeallacht ar leith. Ach muid a bheith ag comhoibriú le daoine eile, tacóimid agus cruthóimid deiseanna a dhéanann cothromú ar riachtanais ár réigiúin, na daoine ann, agus an todhchaí, ag forbairt na láidreachtaí reatha agus iad siúd atá ag teacht chun cinn san earnáil agus i measc ár ndaoine.

## ÁR BHFÍS

Is é ár bhfís as seo go ceann cúig bliana oibriú i gcomhar le daoine eile chun ár réigiún a chur chun cinn ar leibhéal domhanda, agus na dúshláin a shainaithint, a chíoradh agus féachaint chun iad a mhaolú agus a shárú ar leibhéal réigiúnach chun a chinntiú go mbeidh pobail bhríomhara nasctha againn.

## SAOL NÍOS FEARR

Cuirfimid Réigiún an Iarthair chun cinn mar réigiún atá iomaíoch ar fud an domhain agus ina bhfuil cothromaíocht oibre is saoil eisceachtúil. Oibreoidimid chun éagothroime réigiúnach a mhaolú, laistigh den réigiún agus le réigiúin eile, agus beimid mar cheannródaithe ag tairiscint cothromaíocht idir deiseanna oibre níos cliste agus comhionannas deiseanna agus fáil ar thacaíochtaí stáit do gach saoránach ar fud an réigiúin.

## AITHNÍMÍD..

in ainneoin athrú mór sóisialta, comhshaoil agus teicneolaíochta atá fós ag tarlú, go dtairgeann Réigiún Iarthar na hÉireann cothromaíocht oibre is saoil agus deiseanna pearsanta agus gairmiúla chun dul chun cinn a dhéanamh atá i measc na ndeiseanna is fearr ar domhan.

# ÁR LUACHANNA

Ceannaireacht, Inbhuanaitheacht,  
Nuálaíocht, Comhoibriú, Seirbhís  
Phoiblí, Comhionannas,  
Dínit agus Meas



## **CEANNAIREACHT**

Mar eagraíocht iontaofa oibreoimid ar son ceisteanna a mbíonn tionchar acu ar Réigiún an Iarthair agus ar cheisteanna réigiúnacha ar bhonn náisiúnta, agus rachaimid i gcion ar na ceisteanna sin agus tabharfaimid comhairle ina leith.

## **INBHUANAITHEACHT**

Táimid tiomanta don inbhuanaitheacht, ó thaobh pobail agus gnóthaí bríomhara a chothú agus na hacmhainní nádúrtha atá sa réigiún álainn ina bhfuil cónaí orainn a chothú freisin.

## **NUÁLAÍOCHT**

Cuirfimid an nuálaíocht i gcroílár gach a ndéanaimid, cuirfimid fáilte roimh athrú agus bainfimid cothromaíocht amach idir riosca agus deiseanna chun beocht a thabhairt do smaointe ceannasacha.

## **COMHOIBRIÚ**

Oibreoimid le daoine eile chun an leas is fearr a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil.

## **SEIRBHÍS PHOIBLÍ**

Gníomhóimid go macánta, go hionraic agus go neamhchlaonta chun freastal ar an bpobal, san úsáid a bhainimid as acmhainní an stáit agus fad is a bhímid ag obair ar son leas an phobail.


## **COMHIONANNAS, DÍNIT AGUS MEAS**

Cruthóimid timpeallacht oibre atá dearfach agus réchúiseach, áit a gcaitear go cothrom, le dínit agus le meas le gach ball foirne.

# TÉAMAÍ, STRAITÉISEACHA

D'aithníomar na trí théama straitéiseacha seo a thabharfaidh an obair a dhéanaimid le chéile lena chinntiú go gcomhlíonaimid riachtanais an réigiúin ar an mbealach is fearr is féidir.

Le haghaidh gach ceann de na téamaí straitéiseacha seo leagamar síos príomhthionscadail a thabharfaidh an bunús dár bpleananna oibre bliantúla as seo go ceann cúig bliana. Déanfaimid athbhreithniú ar dhul chun cinn, agus athróimid cúrsa de réir mar is gá, ar bhonn bliantúil.





# Cur Chun Cinn Réigiúnach

**Cuirfimid Réigiún an Iarthair chun cinn, agus beidh daoine rannpháirteach san obair a dhéanaimid.**

Ach muid a bheith ag obair le daoine eile, tabharfaimid treoir agus tacaíocht dóibh siúd a chónaíonn, a oibríonn nó a mhealltar chuig an gcaighdeán saoil clúiteach agus chuig an réigiún álainn ina gcónaímid.

# Ceannaireacht Réigiúnach

**Beidh príomhról againn ag cur bonn eolais faoi bheartas agus cláir náisiúnta agus réigiúnacha, agus nuair is iomchuí, á soláthar.**

Oibreoidimid i ndlúthchomhar le príomhpháirtithe leasmhara chun réigiún atá iomaíoch ar fud an domhain a fhorbairt.

# Fiontraíocht Inbhuanaithe

**Ag féachaint chun cinn go fadtéarmach, sainaithneoidimid príomhearnálacha ina bhféadfaimid todhchaí inbhuanaithe a thógáil, tacóimid leo agus forbróimid iad.**

Déanfaimid infheistíocht chun gnó agus fostaíocht a mhéadú; ag chothú acmhainní nádúrtha, chultúr ar leith agus phobail bheoga an réigiúin.

# Cur Chun Cinn Réigiúnach

Tionscadal shuaitheanta

Tionscadal shuaitheanta

## Lookwest.ie

Príomhspríocanna 2019-2024

Beidh lookwest.ie ar an ardán is rogha leis an bpobal chun daoine atá ag iarraidh maireachtáil nó a bheith ag obair i Réigiún an Iarthair a spreagadh agus a threorú

Forbróimid píblíne tallainne agus scileanna ar líne, tabharfar léargas ar an margadh saothair, d'fhostóirí agus d'fhostaithe, i réigiún Choimisiún Forbartha an Iarthair agus Shlí Eacnamaíoch an Atlantaigh

Oibreoidimid le heagraíochtaí príobháideacha agus poiblí chun líonra margaíochta agus cumarsáide Shlí Eacnamaíoch an Atlantaigh a fhorbairt d'fhonn ábhar agus scéalta a roinnt chun Réigiún an Iarthair a chur chun cinn

Déanfaimid ár ndícheall chun scoth na cumarsáide agus an rialachais a bhaint amach

## Rannpháirtíocht leis an bPobal agus leis an Diaspóra

Príomhspríocanna 2019-2024

Oibreoidimid le húdaráis réigiúnacha agus áitiúla agus le gníomhaireachtaí stáit, agus cuirfimid bonn eolais faoina gcuid oibre, chun tacú le pobail i Réigiún an Iarthair agus chun iad a chothú

Méadóimid an líon a bhainfidh tairbhe as maoiniú idirlinne agus as infheistíocht fiontar Choimisiún Forbartha an Iarthair i Réigiún an Iarthair

Déanfaimid poiblíocht ar an iarthar do dhiaspóra na hÉireann trí oibriú i gcomhar le gníomhaireachtaí stáit agus le líonraí contae thar lear

Féachfaimid le barr feabhais a bhaint amach inár gcuid oibre leis an bpobal, agus inár bhfreastal ar an bpobal

# Ceannaireacht Réigiúnach

Tionscadal shuaitheanta

Tionscadal shuaitheanta

Tionscadal shuaitheanta

## Slí Eacnamaíoch an Atlantaigh

Príomhspríocanna 2019-2024

Déanfaimid comhordú, leagfaimid amach, agus nuair is iomchuí, stiúrfaimid obair Shlí Eacnamaíoch an Atlantaigh mar a shamhlaítear in Éire 2040

Oibreoidimid le daoine eile chun líonra comhtháite de mhoil fiontair agus cian-oibre, acmhainní agus tacaíochtaí a fhorbairt agus a chur chun cinn feadh na Slí

## Anailís Bheartais

Príomhspríocanna 2019-2024

Mar eagraíocht iontaofa, leanfaimid ag soláthar anailís bheartais bunaithe ar fhianaise a thugann treoir agus comhairle don bheartas poiblí ar shaincheisteanna a mbíonn tionchar acu ar fhorbairt réigiúnach agus tuaithe, molfaimid gníomhartha bunaithe ar an anailís sin agus nuair is iomchuí, cuirfimid na gníomhartha sin chun cinn agus stiúrfaimid iad

Leanfaimid ag obair ar mhaithe le fás, le haghaidh geilleagar inbhuanaithe, íseal-charbóin agus le haghaidh pobail bhríomhara a mbeidh fáil acu ar sheirbhísí a laghdóidh neamhionannas agus éagothroime ioncaim ar fud an réigiúin

Comhaontóimid cláir oibre beartais leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, le hinstitiúidí ardoideachais agus le gníomhaireachtaí eile chun raon feidhme agus tionchar ár gcuid oibre a thabhairt chun cinn tuilleadh

## Geilleagar Cruthaitheach

Príomhspríocanna 2019-2024

Stiúrfaimid forbairt an Gheilleagair Chruthaithigh i Réigiún an Iarthair, ag obair i ndlúthchomhar le gníomhaireachtaí eile chun plean deich mbliana a fhorbairt go dtí 2030

Soláthróimid sásraí maoinithe tiomanta le haghaidh an Gheilleagair Chruthaithigh i Réigiún an Iarthair trí Chistí do Léiritheoirí Closamhairc Réigiún an Iarthair (WRAP) agus tríd an gCiste Micrea-iasachtaí

# Fiontraíocht Inbhuanaithe

Tionscadal shuaitheanta

Tionscadal shuaitheanta

Tionscadal shuaitheanta

## **Ciste Infheistíochta an Iarthair**

Príomhspríocanna 2019-2024

Rachaimid i ngleic leis na bearnaí maoinithe i Réigiún an Iarthair trí chaipiteal riosca a sholáthar d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide nua agus atá ag fairsingiú agus trínár gCiste Infheistíochta Gnó.

Tacóimid le poist agus le cuideachtaí trí bhainistíocht stuama ar phunann chothrom infheistíochta agus iasachta

Tacóimid agus forbróimid Luasairí Réigiúnacha comhoibritheacha chun an t-éiceachóras tacaíochta fiontraíochta agus maoinithe a thógáil do chuideachtaí tionscanta sa réigiún

Féachfaimid le barr feabhais a bhaint amach i mbainistiú tionscadal agus i rialachas

## **Fiontar Sóisialta**

Príomhspríoc 2019-2024

Tacóimid le Beartas Náisiúnta maidir le Fiontar Sóisialta a chur i bhfeidhm agus leanfaimid lenár n-iasachtaí agus lenár n-infheistíochtaí i bhfiontar sóisialta i Réigiún an Iarthair

## **Earnálacha Éiritheacha**

Príomhspríoc 2019-2024

Déanfaimid anailís ar earnálacha atá ag teacht chun cinn, sainaithneoidimid iad agus tacóimid leo chun buntáiste iomaíoch inbhuanaithe a fhorbairt don réigiún go fadtéarmach



# Príomhchumasóirí



## Acmhainní

Cuirfimid acmhainní agus cumas na heagraíochta ar aon dul chun ár dtéamaí straitéiseacha a bhaint amach ar an mbealach is fearr. Oibreoidimid ar bhealach réamhghníomhach lena chinntiú go mbeidh dóthain acmhainní daonna agus airgeadais againn chun ár spriocanna a bhaint amach ar bhonn leanúnach

## Fás

Féachfaimid le fás mar eagraíocht chun an freagra is fearr a thabhairt ar fhás réamh-mheasta an réigiúin

## Cumarsáid

Cinnteoimid barr feabhais i gcumarsáid inmheánach agus sheachtrach chun an réigiún a chur chun cinn, agus chun tionchar ár gcuid oibre a fhorbairt tuilleadh, agus clú na hoibre sin a ardú

## Comhoibriú

Aithnímid go mbeimid in ann úsáid níos éifeachtúla a bhaint as acmhainní an stáit trí rannpháirtíocht agus comhoibriú gníomhach le daoine eile

## Soláthar Tionscadal

Cinnteoimid barr feabhais i mbainistiú agus i soláthar tionscadal, ag obair leis an rialtas láir agus áitiúil chun riachtanais réigiúnacha a chomhlíonadh

## Comhtháthú

Cuirfimid ár ngníomhaíochtaí, ár rannpháirtíocht agus ár bhfor-rochtain ar aon dul le chéile ionas go mbeimid ag gníomhú mar aon eagraíocht amháin chun níos mó a bhaint amach le tionchar níos mó

## For-rochtain Réigiúnach

Beimid níos feiceálaí agus beidh ár gclú níos fearr lena chinntiú go ndéanaimid ionadaíocht ar gach páirtí leasmhar ábhartha agus go n-oibrímid leo

## Rialachas

Cinnteoimid go ndéanfar athbhreithniú, cothabháil agus feabhsú leanúnach ar ár rialachas, ár rialuithe agus ár gcórais chun riachtanais eagraíocht seirbhíse poiblí dhinimiciúil atá ag fás a chomhlíonadh

# DAONÁIREAMH RÉIGIÚN AN IARTHAIR, 2016

## DAONRA AN CHONTAE, 2016

828,697

MNÁ

FIR

49.6%

50.4%

OS CIONN 65

FÉ 15

15.4%

21.1%

## ATHRÚ SA DAONRA

2011-2016

2006-2016


1.0%



8.7%



DAONRA IN 2016 MAR % de 1841



41.3%


## ROCHTAIN LEATHANBHANDA


63.8%



## INA GCÓNAÍ I GCEANTAIR THUAITHE

64.7%






AN BAILE IS MÓ:  
CATHAIR  
NA GAILLIMHE

Daonra:  
79,934

LE CÁILÍOCHT 3Ú LEIBHÉAL



SAN FHÓRSA OIBRE





AG OBAIR SA TALMHAÍOCHT



AG OBAIR SA TIONSCAL



I SLÁINTE AN-MHAITH



# Scéalta ratha

## **Ag dul siar sna blianta i mBáileomra Pobail Rómánsúil Ghleann Fearna,**

Áis ilfheidhmeach tuaithe pobail, oidhreacht agus turasóireacht, a fhaigheann tacaíocht ó Choimisiún Forbartha an Iarthair, is ea Báileomra Rómánsúil Ghleann Fearna a bunaíodh in 2000. Mar eagraíocht forbartha pobail tuaithe, cabhraíonn sé chun coinníollacha sóisialta agus eacnamaíocha don 700 cónaitheoir i gceantar Ghleann Fearna i dTuaisceart Liatroma a fheabhsú.

## **Aerfort Iarthar na hÉireann, Cnoc Mhuire; ag súil le 1m paisinéir faoi 2026**

Tá Coimisiún Forbartha an Iarthair ag tacú le fada le hAerfort Iarthar na hÉireann i gCnoc Mhuire, an ceathrú haerfort idirnáisiúnta in Éirinn. Tá 134 duine fostaithe ag an aerfort faoi láthair, trína dtéann beagnach 800,000 paisinéir. Tá infheistíocht shuntasach déanta ag an aerfort in áiseanna agus bonneagar le deich mbliana anuas agus tá plean infheistíochta an-uailmhianach acu an t-aerfort a fhás go dtí 1m paisinéir faoi 2026.

## **AI ar thús cadhnaíochta in Ard an Rátha, Contae Dhún na nGall**

Thacaigh Coimisiún Forbartha an Iarthair leis an Dr Gillian Doyle agus an Dr Kenneth Doherty, a bhunaigh Cerebreon Technologies in Ard an Rátha i gContae Dhún na nGall. Cuireann an chuideachta, ina bhfuil ceathrar fostaithe, bogearraí ar fáil do ghnólachtaí a úsáideann AI agus aithint iomhá chun próisis chasta airgeadais agus riaracháin a dhéanamh. Tá an chuideachta ag oibriú i dtreo 16 fhostaí eile a chur leis an ngnó de réir mar a ghlactar lena dteicneolaíocht.

## **AEROGEN. Ceannródaí domhanda.**

Is é John Power bunaitheoir Aerogen; an ceannródaí domhanda i seachadadh drugaí le haerasól i ngéarchúram. Tá sé ina chónaí i Maigh Cuilinn, Co. na Gaillimhe agus le tacaíocht ó Choimisiún Forbartha an Iarthair, threoraigh sé an bhainistíocht chun an chuideachta a cheannach amach in 2007. Mhéadaigh an chuideachta an líon daoine a bhí fostaithe faoi dheich ó shin, ó 21 ball foirne tráth na hinfeistíochta go dtí os cionn 200 anois. Tá 200 duine eile fostaithe le fochonraitheoirí.







## **Sin WRAP!**

Sarah Dillon, Bainisteoir Forbartha Ciste WRAP. Comhoibriú is ea Ciste Léiritheoirí Closamhairc Réigiún an Iarthair (Ciste WRAP) a dtacaíonn Coimisiún Forbartha an Iarthair leis a chuireann maoiniú €2m ar fáil chun léiriú ábhair a mhealladh agus a thacú i Réigiún an Iarthair. Féadfaidh tionscadail maoiniú suas le €200,000 a fháil agus is gá go bhfostóidís tallann áitiúil sa chliar agus sa chriú agus go gcuirfidís oiliúint agus uas-sciliú ar fáil nuair is féidir.

## **Class Grass - an rogha is fearr don fhéar!**

Nuair a d'iarr a mhac páirc spraoi air dá chuid ainmhithe bréige nuair a bhí sé trí bliana d'aois, chruthaigh Padraic Cuddy samhail réadúil de pháirc bhréige ina raibh fálú agus geata adhmaid traidisiúnta. Tuairiscíodh ar an smaoineamh sna meáin náisiúnta agus idirnáisiúnta. Thacaigh Coimisiún Forbartha an Iarthair lena chuideachta Class Grass, soláthraithe táirgí féar bréige, a fhostaíonn cúigear fostaithe i mBaile Mhic Oireachtaigh, Contae Ros Comáin tar éis don chuideachta méadú.

## **Snagcheol go gealach le Tionscadal Snagcheoil Shligigh**

Tá an t-imeacht bliantúil is mó dá chineál san Eoraip á óstáil ag Tionscadal Snagcheoil Shligigh, a fhaigheann tacaíocht ó Choimisiún Forbartha an Iarthair, agus a fhostaíonn teagascóir amháin lánaimseartha agus 30 teagascóir páirtaimseartha. Cuimsíonn an tionscadal an scoil samhraidh snagcheoil cháiliúil (Sligo Jazz Summer School) a ritheann ag an am céanna le ceann de na féilte snagcheoil agus cheoil tobchumtha is uathúla san Eoraip (Féile Shnagcheoil Shligigh).

Creidiúint grianghraif Lieve Boussauw

## **Hooke Bio Ltd. - an Bhteicneolaíocht i gContae an Chláir**

Cuideachta bhteicneolaíochta atá ag teacht chun cinn a dtacaíonn Coimisiún Forbartha an Iarthair leo agus atá lonnaithe i gContae an Chláir is ea Hooke Bio Ltd. Tá an chuideachta dírithe ar ardáin tástála feabhsaithe a fhorbairt do sheiceáil le haghaidh drugaí níos tapúla agus níos éifeachtúla.

Tá ceathrar fostaithe lánaimseartha sa chuideachta faoi láthair agus ceathrar intéirneach PhD agus táthar ag tuar go bhfásfaidh sé sin chuig 11 fhostaí go gairid de réir mar a fhorbraíonn an táirge.

# CÁ RACHAIMID AS SEO...

**€48M**

ar fáil i bhfoirm  
infheistíochta  
agus iasachtaí

**PLEAN 10  
MBLIANA**

don gheilleagar  
cruthaitheach

**SLÍ  
EACNAMAÍOCH  
AN ATLANTAIGH**

ag tabhairt an réigiúin chuig an  
domhan mór agus an domhain  
mhóir chuig ár réigiún

**AG NASCADH  
MOIL**

Moil a nascadh d'oibrithe  
cianda, rud a chruthóidh  
poist a chothaíonn  
pobail tuaithe

**OIBRIÚ  
NÍOS  
CLISTE.**

#saol níos fearr

**AG CUIDIÚ  
LEIS  
AN RÉIGIÚN**

tarraingt anuas  
maoiniú náisiúnta  
agus AE a  
bharrfheabhsú'



OIBRIÚ NÍOS CLISTE.  
SAOL NÍOS FEARR.

